Foirm EE.3

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2004

Freagra ar iarraidh ar fhaisnéis

Nóta míniúcháin:

- Déantar foráil le halt 76 de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2004:

- i gcás ina gceapann duine go mb'fhéidir go ndearnadh idirdhealú ina (h)aghaidh nó gur déileáladh leis/léi ar aon slí eile atá mídhleathach faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta,

- go bhféadfaidh an duine sin (an "gearánaí"),

- scríobh chuig an duine nó an eagras (an freagróir") a gceapann sé/sí go mb'fhéidir gur dhéileáil siad leo go mídhleathach,

- faisnéis chuí a iarraidh chun cabhrú leo breith a thabhairt cé acu ba chóir dóibh cás a tharchur chuig an mBinse Comhionannais nó chun cabhrú leo a gcás a fhoirmliú agus a thíolacadh.

    - An fhoirm a bhforordaítear le dlí gurb í a úsáidfidh gearánaí chun an fhaisnéis sin a iarríadh tá sí i bhFoirm EE.2.

        - **Forordaítear le dlí[1] gurb í an Fhoirm EE.3 seo an fhoirm a úsáidfidh freagróir chun freagairt ar iarraidh ar fhaisnéis.**

        - Níl an freagróir faoi oibleagáid freagairt ar iarraidh ar fhaisnéis.

[1] Féach na Rialacháin fán Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 (Alt 76 –Ceart chun Faisnéise), 1999 Ionstraim Reachtúil uimh. 321 de 1999

- Déantar foráil le halt 81 de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, áfach,tugann siad freagra, nó má tá na freagraí bréagach nó míthreorach, go bhféadfar aird a thabhiart air sin le linn breith a thabhairt ar an gcás.

- Tá cineálacha áirithe faisnéise eisiata. De réir alt 76, is faisnéis iomchuí faisnéis más é atá inti:

  - faisnéis faoi na cúiseanna atá ag an bhfreagróir le haon ní iomchuí a dhéanamh nó gan é a dhéanamh

  - faisnéis faoi aon chleachtais nó nósannna imeachta iomchuí de chuid an fhreagróra

  - faisnéis (seachas faisnéis faoi rún, nó faisnéis faoi scála nó faoi acmhainní airgeadais ghnó an fhostóra) faoi luach saothair daoine eile a bhfuil post acu atá inchomparáide le post an ghearánaí nó faoin tslí a ndéileáiltear leis na daoine sin,

  - faisnéis eile nach bhfuil faoi rún, agus a bhfuil sé réasúnach ag an ngearánaí í a iarraidh sna himthosca.

Ciallaíonn faisnéis faoi rún *"aon fhaisnéis a bhaineann le pearsa aonair áirithe, ar féidir í a aithint mar fhaisnéis a bhaineann leis an bpearsa aonair sin, agus nach n-aontaíonn an phearsa aonair sin lena nochtadh."*

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2004
– Alt 76
Freagra ón bhFreagróir

Ainm agus seoladh an Ghearánaí:	Chuig..... as..... ....
Ainm agus seoladh an Fhreagróra:	1 . Aithním..... ..... as..... .. .. leis seo go bhfuarthas an Ceistiúchán a bhí sínithe agat agus dar dáta.....
Scrios abairt (a) nó (b) mar is cuí agus, má scriostar (a), comhlánaigh (b)	2 . (a) Aontaím go bhfuil an ráiteas/na himthosca atá rianaithe i mír 3 den Cheistiúchán cruinn. (b) ní aontaím leis an ráiteas/na himthosca atá rianaithe i mír 3 den Cheistiúchán sa mhéid is go …….

Scrios an abairt in (a) nó (b) mar is cuí agus, má scriostar (a), comhlánaigh ceann amháin nó níos mó de na habairtí in (b) (i) agus (b) (ii).	3 .	(a)	Glacaim leis go raibh an tslí inar dhéileáil mé leat, nó an ráta luacha saothair a tugadh duit, mídhleathach, de shárú ar fhorálacha na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2004.
		(b)	Díospóidím go raibh an tslí inar dhéileáil mé leat,nó go raibh an ráta luacha saothair a tugadh duit, mídhleathach, de shárú ar na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2004.
		(i)	Is iad na fáthanna a ndíospóidím ……
		(ii)	Is iad seo a leanas na fáthanna ar déileáladh leat mar sin nó ar tugadh an ráta luach saothair sin duit …..

Ba chóir freagraí ar na ceisteanna i mír 7 den cheistiúchán a chur isteach anseo.	4 .
Scrios an abairt seo ar fad má tá na ceisteanna go léir sa cheistiúchán freagartha agat.	5 . Tá an mhír (na míreanna) dar uimhir (uimhreacha) …….thuas scriosta (go hiomlán nó go páirteach) agam, toisc nach féidir / nach mian liom (scrios mar is cuí) na ceisteanna sin a fhreagairt ar na fáthanna seo a leanas- Síniú an Fhreagróra ..... Dáta .....

Nótaí

Mura bhfuil go leor spáis chun freagra a chur isteach, úsáid leathanach(aigh) breise le do thoil agus sínigh agus dátaigh gach ceann díobh.

Má mhainníonn Freagróir an fhaisnéis a iarrann an Gearánaí a sholáthar, nó más rud é go mbeidh an fhaisnéis a sholáthrófar bréagach nó míthreorach nó thairis sin nach faisnéis í de shórt a theastódh le réasún ón nGearánaí de réir na bhforálacha cuí de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2004, féadfaidh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais, an Chúirt Oibreachais nó an Chúirt Chuarda cibé tátail is cosúil is cuí sna himthosca a bhaint.